Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

14366/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0310(COD)**

SOC 692
EMPL 520
CODEC 1544

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 682 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat le haghaidh pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

An 28 Deireadh Fómhair 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach. Leis an togra, féachtar le ceithre phríomh-oibleagáidí a chruthú do na Ballstáit, eadhon oibleagáidí chun an méid a leanas a dhéanamh:

1) cómhargáil a chur chun cinn, go háirithe maidir le socrú pá,

2) roinnt oibleagáidí nós imeachta a urramú, má dhéanann agus nuair a dhéanann na Ballstáit pá íosta reachtúil a shocrú/a nuashonrú agus a leordhóthanacht a mheas,

3) bearta a ghlacadh chun feabhas a chur ar rochtain éifeachtach ar chosaint pá íosta oibrithe, atá i dteideal pá íosta faoin dlí náisiúnta, agus

4) sonraí a bhailiú agus iad a thuairisciú don Choimisiún, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chumhdach agus ar leordhóthanacht na cosanta pá íosta.

Tríd an tionscnamh seo, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún rannchuidiú go háirithe le cur chun feidhme phrionsabail 6 (pá) agus phrionsabal 8 (idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Faoin mbunús dlí ábhartha, i.e. Airteagal 153(2) CFAE, i gcomhar le pointe (b) d'Airteagal 153(1) de, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a sainordú an 25 Samhain 2021.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 25 Márta 2021[1].

Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 19 Márta 2021[2].

## II. PLÉ FAOI UACHTARÁNACHT NA SLÓIVÉINE

Chuir obair Uachtaránacht na Slóivéine leis an dul chun cinn maith a rinne a Comhpháirtithe ar an bhfoireann trí Uachtaránacht, an Ghearmáin agus an Phortaingéil, mar a leagtar amach sa tuarascáil ar dhul chun cinn ó Uachtaránacht na Portaingéile[3]. Chuir Uachtaránacht na Slóivéine ceithre thogra comhréitigh i ndiaidh a chéile faoi bhráid na Meithle um Cheisteanna Sóisialta (SQWP), a pléadh le linn sé lá cruinnithe iomlána de chuid na meithle agus le linn go leor plé déthaobhach ar gach leibhéal.

1 7886/21
2 7421/21
3 9142/21 + COR1

Is iomaí cuspóir a bhí ag an Uachtaránacht agus an plé á stiúradh aici ar leibhéal na meithle:

1) Agus an díolmhú a leagtar amach in Airteagal 153(5) CFAE, lena gcosnaítear inniúlacht na mBallstát maidir le pá íosta a shocrú, á chur san áireamh, chuaigh an Uachtaránacht i mbun an téacs a oiriúnú i bhfianaise na tuairime i scríbhinn ó Sheirbhís Dlí na Comhairle[4]

2) D'éist an Uachtaránacht go cúramach agus go dian leis na hábhair imní atá ag na toscaireachtaí arna n-eascairt as na samhlacha náisiúnta éagsúla margaidh saothair agus as córais socraithe pá. D'oibrigh an Uachtaránacht go dian freisin agus é mar aidhm aici cáilíocht theicniúil fhoriomlán an téacs a fheabhsú.

3) Díríodh sa dianobair ar réitigh chomhréitigh a aimsiú chun freastal ar na hábhair imní éagsúla a chuir na toscaireachtaí in iúl d'fhonn cothromaíocht chuí a bhaint amach sa téacs agus tacaíocht thromlach leathan na mBallstát a fháil.

Déantar achoimre thíos ar na príomh-shaincheisteanna a pléadh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.

[4] 6817/21

**<u>Na príomh-shaincheisteanna ar a dtugadh aghaidh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle</u>**

1) <u>Creat nós imeachta le haghaidh pá íosta leordhóthanach (Teideal, Airteagal 1, aithris 15)</u>

Phléigh an mheitheal go mion cineál agus ábhar na Treorach seo agus an cineál oibleagáide dá bhforáiltear inti. Tar éis an phlé sin, soiléiríodh, trí athruithe a rinneadh ar theideal na Treorach agus ar fud an téacs, go leagtar síos leis an Treoir seo creat Aontais de chineál nós imeachta le haghaidh pá íosta leordhóthanach.

Soiléiríodh freisin go bhfuil cuspóir na leordhóthanachta á shaothrú ar bhealaí éagsúla, ag brath ar cibé a soláthraítear cosaint pá íosta le pá íosta reachtúil, má sholáthraítear é go heisiach trí chómhargáil ar shocrú pá nó má sholáthraítear í trí theaglaim den dá chur chuige sin:

Maidir le pá íosta reachtúil a shocrú, leagtar síos i gCaibidil II oibleagáidí éagsúla nós imeachta chun a chur chun cinn go socraítear an pá íosta reachtúil ar leibhéal leordhóthanach, gan cur isteach ar inniúlacht na mBallstát an leibhéal sin a chinneadh.

Maidir le pá íosta arna shocrú ag cómhargáil, lena n-áirítear i mBallstáit ina bhfuil pá bunaithe go heisiach ar chómhargáil, is é cur chun cinn na cómhargála an modh chun cosaint pá íosta a fheabhsú mar is ionann cumhdach cómhargála níos airde agus pá íosta leordhóthanach a chur chun cinn (aithris 19).

D'fhonn príomhfhorálacha na Treorach a léiriú ar bhealach níos fearr, rinneadh Airteagal 1 (agus aithris 15) a chuíchóiriú: Freagraíonn pointe (a) d'Airteagal 1(1) do Chaibidil II den Treoir maidir le leordhóthanacht pá íosta reachtúil a chur chun cinn, comhfhreagraíonn pointe (aa-nua) d'Airteagal 4 maidir le cómhargáil a chur chun cinn agus comhfhreagraíonn pointe (b) d'Airteagail 8, 9, 10ú, 11 agus 12, a dhéileálann le forfheidhmiú theidlíochtaí aonair reatha oibrithe go pá íosta.

2) Comhshamhlú comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme go huilíoch le comhaontuithe comhchoiteanna (Airteagal 3)

Tá forálacha éagsúla sa togra maidir le pá íosta reachtúil agus maidir le pá arna socrú le comhaontuithe comhchoiteanna. Dá bhrí sin, tá an t-idirdhealú idir an dá ní sin ríthábhachtach. Ós rud é, áfach, go n-eascraíonn inneachar na gcomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme go huilíoch ón gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta seachas ó ghníomh dlí phoiblí, rud a fhágann go bhfuil feidhm acu maidir le grúpa áirithe oibrithe, soiléiríodh nach meastar gur pá íosta reachtúil iad comhaontuithe comhchoiteanna atá infheidhme go huilíoch.

Ar an gcaoi chéanna, soiléiríodh gur cheart déileáil le toradh an tsásra chun pá íosta a shocrú do mharaithe faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Oibreachais Mhuirí ar an mbealach céanna agus a dhéileáiltear le comhaontú comhchoiteann.

3) Cómhargáil i socrú pá a chur chun cinn (Airteagail 4, 13, aithris 19)

Soiléiríodh gurb é an cuspóir atá ann an cumhdach cómhargála a mhéadú d’fhonn feabhas a chur ar shocrú pá dá bhforáiltear i gcomhaontuithe comhchoiteanna agus, ar an gcaoi sin, leordhóthanacht pá íosta a chur chun cinn. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit oibleagáid a chur ar na comhpháirtithe sóisialta comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích, leagadh amach go soiléir san aithris nach cuspóir é 70 % den chumhdach cómhargála, ach gur tairseach é sin lena spreagtar an oibleagáid foráil do chreat maidir le coinníollacha cumasúcháin agus plean gníomhaíochta chun cómhargáil a chur chun cinn. Tá sé luaite go sainráite in Airteagal 13 freisin go bhféadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta an plean gníomhaíochta a bhunú go comhpháirteach iad féin.

4) Leordhóthanacht pá íosta reachtúil a chur chun cinn (Airteagal 5, aithrisí 20 go 21)

Bhí Airteagal 5 i gcroílár obair na meithle ag gach ceann dá cruinnithe, agus d’iarr a lán toscaireachtaí go laghdófaí na hoibleagáidí agus bhí toscaireachtaí ag iarraidh an togra tosaigh ón gCoimisiún a chosaint. Tar éis an phlé sin, rinneadh roinnt coigeartuithe. Mar sin féin, ní raibh aon tionchar ag na hUachtaránachtaí comhleanúnacha ar na forálacha maidir le leordhóthanacht pá íosta reachtúil a chur chun cinn.

Cé gur iarr na toscaireachtaí go leor go bhféadfaí úsáid níos solúbtha a bhaint as na gnéithe atá in Airteagal 5(2), d'fhág an Uachtaránacht an oibleagáid ann gach ceann de na ceithre ghné d'Airteagal 5(2) a úsáid. Agus an tuairim i scríbhinn ón tSeirbhís Dlí á cur san áireamh, áfach, soiléiríodh gur féidir leis na Ballstáit a n-ábharthacht agus a n-ualach coibhneasta a chinneadh i gcomhréir lena ndálaí náisiúnta socheacnamaíocha atá i réim.

Ar an dóigh chéanna, bhí an oibleagáid atá ar na Ballstáit na luachanna tagartha táscacha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht a bpá íosta reachtúil ann i gcónaí, cé go bhfuil sé níos sainráite anois go bhféadfaidh gach Ballstát na luachanna tagartha táscacha a úsáideann sé a roghnú. Cháin roinnt mhaith Ballstát an bhéim láidir atá sa togra tosaigh ón gCoimisiún ar 50 % den mheán-ollphá agus ar 60 % den ollphá airmheánach mar luachanna tagartha táscacha a d'fhéadfadh a bheith ann. D'iarr na Ballstáit sin go dtabharfaí le fios nach mbaineann an leordhóthanacht leis an <u>gcothroime</u> (an gaol idir pá íosta agus pá eile i mBallstát ar leith) amháin, ach go mbainfeadh sé freisin le <u>cuibhiúlacht</u> an phá íosta i gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus le prionsabal 6 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[5]. Is ar an leibhéal náisiúnta is mó a úsáidtear táscairí cuibhiúlachta. Dá bhrí sin, chuir an Uachtaránacht teorainn leis an tuairisc ar na luachanna tagartha in Airteagal 5(3) go dtí na luachanna tagartha 'a úsáidtear go coitianta' agus chuir sí le liosta na samplaí de luachanna tagartha den sórt sin in aithris 21. Agus é sin á dhéanamh aici, chuir an Uachtaránacht san áireamh go raibh go leor tuairimí fós ann maidir leis an ábhar sin ag an gcruinniú is déanaí a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta. D'iarr na Ballstáit tuilleadh soiléireachta, agus d'iarr roinnt Ballstát go scriosfaí na luachanna tagartha 50 % agus 60 % agus bhí Ballstáit eile ag iarraidh filleadh níos gaire ar an togra ón gCoimisiún, cé nach raibh tromlach ann le haghaidh ceachtar de na bearta sin.

---

5 *'<u>Prionsabal 6 Pá</u>*
a) *Tá sé de cheart ag oibrithe pá cothrom a fháil a fhágann gur féidir leo caighdeán cuibhiúil maireachtála a bheith acu.*
b) *Áireofar pá íosta leordhóthanach, ar bhealach a fhágann go ndéanfar riachtanais an oibrí agus a theaghlaigh a shásamh i bhfianaise dálaí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta, agus cosnófar rochtain ar fhostaíocht agus dreasachtaí chun obair a lorg san am céanna. cuirfear cosc ar bhochtaineacht lucht saothair.'*

Níor modhnaíodh an oibleagáid atá ar na Ballstáit uile a bpá íosta reachtúil a thabhairt cothrom le dáta go rialta tráthúil agus úsáid á baint as na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1) agus (2). Chun cás sonrach roinnt Ballstát a chur san áireamh, áfach, a úsáideann foirmle innéacsaithe chun méid a bpá íosta reachtúil a mhéadú idir na nuashonruithe rialta sin, cuireadh isteach mír 2a nua agus aithris nua (20ú).

5) Éagsúlachtaí agus asbhaintí (Airteagal 6, pointe (c) d'Airteagal 7, aithris 22)

Rinneadh níos sainráite é, in aithris 22, go bhféadfadh éagsúlachtaí agus asbhaintí, i gcásanna áirithe, difear diúltach a dhéanamh do leordhóthanacht pá íosta reachtúil agus gur den tábhacht é, dá bhrí sin, úsáid leathan díobh a sheachaint. Rinneadh níos sainráite é freisin go bhfágann na conarthaí an inniúlacht chun pá íosta a shocrú – agus, dá bhrí sin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le héagsúlachtaí agus asbhaintí – faoi na Ballstáit, nach mór dóibh prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta a urramú mar phrionsabail ghinearálta de chuid dhlí an Aontais.

6) Soláthar poiblí (Airteagal 9, aithris 24)

I gcomhréir leis an rún atá ag an gCoimisiún Eorpach oibleagáidí na dtreoracha maidir le soláthar poiblí a mheabhrú, i bhforáil de chineál dearbhaitheach, d'fhonn tacú le cur chun feidhme na dtreoracha sin agus iad a neartú, tá na huachtaránachtaí tar éis an t-airteagal agus an aithris a ailíniú tuilleadh le friotal na dtreoracha sin.

7) Faireachán agus bailiú sonraí (Airt. 10, aithris 25)

Ba ábhar mór imní do go leor Ballstát na forálacha in Airteagal 10 maidir le faireachán agus bailiú sonraí, ós rud é go raibh imní orthu go raibh rómhaorlathas breise ag gabháil leo gan breisluach soiléir a bheith ag baint leo. Ba ábhar imní ar leith é an oibleagáid foráil maidir le sonraí imdhealaithe, agus go háirithe dí-chomhiomlánú a dhéanamh de réir míchumais, ós rud é gurb annamh a bhailítear na sonraí sin – ar chúiseanna príobháideachais. Tar éis don uachtaránacht agus do na toscaireachtaí dianphlé a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach, modhnaíodh téacs Airteagal 10 mar a leanas chun ábhair imní na mBallstát a chur san áireamh:

- Ós rud é nach gnách go n-athraíonn pá íosta go mór ó bhliain amháin go bliain eile, measadh gur ualach neamhriachtanach ag a lán Ballstát an oibleagáid tuairisciú gach bliain. Dá bhrí sin, athraíodh é seo go tuairisciú gach dara bliain.

- Soiléiríodh san aithris gurb é rogha na mBallstát, cé na foinsí sonraí a úsáideann siad, agus go háirithe go bhféadfaidh siad sonraí náisiúnta, suirbhéanna samplacha agus meastacháin a úsáid in éagmais foinsí sonraí níos fearr.

- Ag gabháil leis an oibleagáid sonraí imdhealaithe a chur ar fáil tá an choimirce nach gá na sonraí sin a sholáthar ach amháin sa mhéid go bhfuil siad ar fáil don Bhallstát.

- Rinneadh an tuairisc ar na sonraí atá le soláthar ag na Ballstáit a athstruchtúrú ar chúiseanna eagarthóireachta. D'fhonn na hoibleagáidí tuairiscithe a laghdú agus a chur san áireamh cé na sonraí atá ar fáil go héasca, rinneadh na coigeartuithe a leanas:

    - Ní gá do na Ballstáit ach tuairisc a thabhairt ar asbhaintí agus ar athruithe ó phá íosta reachtúil;

    - maidir leis an gcosaint pá íosta a sholáthraítear ag comhaontuithe comhchoiteanna amháin,

        - tá an tuairisciú ar phá íosta i gcomhaontuithe comhchoiteanna teoranta do na rátaí pá is ísle arna leagan síos ag comhaontuithe comhchoiteanna lena gcumhdaítear saothraithe pá íseal nó meastachán de sin agus sciar na n-oibrithe a chumhdaítear leo,

        - is féidir tuairisciú ar phá oibrithe nach gcumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna a sholáthar ar bhonn pá íoctha.

- Bhí foráil sa togra ón gCoimisiún, a thabharfadh de chumhacht go sainráite don Choimisiún a iarraidh go gcuirfeadh na Ballstáit sonraí breise ar fáil de réir an cháis. Bhí easpa tacaíochta ann don fhoráil sin. Ós rud é gur féidir leis an gCoimisiún sonraí a iarraidh i gcónaí faoi phrionsabal ginearálta an dea-chomhair, scriosadh an fhoráil sin.

- Foráladh in Airteagal 10(5) den togra ón gCoimisiún gur cheart don Choiste Fostaíochta scrúdú a dhéanamh gach bliain ar chur chun cinn na cómhargála ar shocrú pá agus ar leordhóthanacht an phá íosta sna Ballstáit. Ós rud é go leanann cúraimí an Choiste Fostaíochta go díreach ó Airteagal 150 CFAE, agus ós rud é go dtugann an fhoráil sin de chumhacht don Chomhairle cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear an coiste sin, níor cheart na cúraimí sin a shonrú a thuilleadh sa Treoir. Dá bhrí sin, aistríodh an tagairt don scrúdú a rinne an Coiste Fostaíochta chuig an aithris, lena meabhraítear go bhféadfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún scrúdú den sórt sin a iarraidh faoin gConradh. Agus é á chur san áireamh nach mbaineann an Coiste Fostaíochta ach le beartais fostaíochta (Teideal IX, Airteagal 143-150 CFAE), cé go bpléann an Coiste um Chosaint Shóisialta le beartas sóisialta (Teideal X, Airteagal 151-160 CFAE, lena n-áirítear coinníollacha oibre – pointe (b) d'Airteagal 153(2), cuireadh an méid sin isteach san aithris.

8) <u>Faisnéis d'oibrithe (Airteagal 10a(nua), aithris 25a(nua))</u>

Bhí forálacha sa togra ón gCoimisiún maidir le hoibrithe a chur ar an eolas faoin gcosaint íosta pá a bhfuil siad incháilithe di in Airteagal 8(3) agus in Airteagal 10(3). D'fhonn an téacs a chuíchóiriú, rinneadh an dá fhoráil sin a chumasc in Airteagal 10a nua.

9) <u>An ceart chun sásaimh agus chun pionós (Airteagal 11 agus Airteagal 12, aithris 26 agus aithris 26ú)</u>

Tar éis iarraidh a fháil ó na toscaireachtaí, soiléiríodh nach mbaineann an ceart chun sásaimh agus an oibleagáid pionóis a chur i bhfeidhm ach le cearta a bhaineann le cosaint pá íosta, ar cearta iad atá bunaithe cheana féin faoin dlí náisiúnta. Maidir leis na pionóis a bheidh le glacadh ag na Ballstáit as sárú na gceart a bhaineann le pá íosta, soiléiríodh gur leor na pionóis chonarthacha sna rialacha maidir le comhaontuithe comhchoiteanna a fhorfheidhmiú chun Airteagal 12 a chomhlíonadh.

An 24 Samhain 2021 in Coreper, thacaigh tromlach leathan na dtoscaireachtaí leis an obair a rinne an uachtaránacht agus d'aontaigh siad leis an uachtaránacht go léiríonn an téacs a thíolaic sí meáchanlár na Comhairle. D'áitigh go leor toscaireachtaí nár cheart aon athrú breise a dhéanamh ar an téacs ós rud é gur cothromaíocht íogair atá ann agus nach bhfuil aon chorrlach breise le haghaidh coigeartú ag baint leis. D'aontaigh na toscaireachtaí go bhfuil an téacs aibí go leor chun é a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO lena phlé agus lena chomhaontú, agus nár thug ach DK le fios go gcaithfidh sí vóta ina choinne.

Na forchoimeádais atá fágtha

Forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta: AT, DE, EE, FI, HU, PL, RO, SE

Forchoimeádais pharlaiminteacha: NL

## III. CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle (EPSCO) a chomhaontú maidir leis an téacs (cur chuige ginearálta), mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo é, a mharcáil agus sainordú a thabhairt don uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le hionadaithe Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an gcomhad seo.

**IARSCRÍBHINN**

2020/0310 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat le haghaidh pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), i gcomhar le pointe (b) d'Airteagal 153 (1) de

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[6],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[7],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, is iad cuspóirí an Aontais, inter alia, dea-bhail a phobal a chur chun cinn agus oibriú ar mhaithe leis an Eoraip a fhorbairt go hinbhuanaithe bunaithe ar gheilleagar margaidh sóisialta ina bhfuil iomaíocht ghéar.

---

6 IO C , , lch. .
7 IO C , , lch. .

(2) Déantar foráil in Airteagal 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[8] don cheart atá ag gach oibrí chun dálaí oibre lena n-urramaítear a shláinte, a shábháilteacht agus a dhínit.

(3) Leagtar síos i gCairt Shóisialta na hEorpa go bhfuil an ceart ag gach oibrí chun dálaí córa oibre. Aithníonn sé go háirithe an ceart atá ag gach oibrí luach saothair cothrom a fháil atá leordhóthanach le haghaidh caighdeán sásúil maireachtála dóibh féin agus dá dteaghlaigh, an ceart atá ag gach oibrí agus ag gach fostóir chun saoirse comhlachais in eagraíochtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta le haghaidh chosaint a leasanna eacnamaíocha agus sóisialta agus an ceart chun cómhargála.

(4) I gCaibidil II de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a fógraíodh an 17 Samhain 2017 in Gothenburg, leagtar síos tacar prionsabal mar threoir chun dálaí córa oibre a áirithiú. Athdhearbhaítear le Prionsabal Uimh. 6 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta an ceart atá ag oibrithe chun pá cóir a chinnteoidh caighdeán sásúil maireachtála. Foráiltear leis freisin go ndéanfar pá íosta leordhóthanach a áirithiú, ar bhealach a fhágann go ndéanfar riachtanais an oibrí agus a theaghlaigh a shásamh i bhfianaise dálaí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta, agus cosnófar rochtain ar fhostaíocht agus dreasachtaí chun obair a lorg san am céanna. Ina theannta sin, meabhraítear ann go gcuirfear cosc ar bhochtaineacht lucht oibre agus go socrófar an pá uile ar bhealach trédhearcach intuartha de réir na gcleachtas náisiúnta agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú.

---

8 An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh 2012/C 326/02 IO C326/391 an 26.10.2012.

(5) I dTreoirlíne 5 de Chinneadh 2020/1512/AE ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát[9] iarrtar ar na Ballstáit rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta i socrú pá a áirithiú, lena bhforáiltear do phá cóir a éascaíonn caighdeán sásúil maireachtála agus lena gcuirtear freagrúlacht leordhóthanach an phá i leith forbairtí táirgiúlachta san áireamh, ar mhaithe leis an gcóineasú aníos. Sa Treoirlíne iarrtar freisin ar na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil i socrú pá a chur chun cinn. Iarrtar freisin ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe sóisialta a áirithiú go bhfuil pá leordhóthanach cóir ag gach oibrí a bhuí le comhaontuithe comhchoiteanna nó le pá íosta reachtúil leordhóthanach, agus an tionchar atá ag an méid sin ar an iomaíochas, ar chruthú post agus ar bhochtaineacht lucht oibre a chur san áireamh. Luaitear sa Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe 2021[10] gur cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun dálaí córa oibre a áirithiú. Chomh maith leis sin, meabhraítear sa Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe 2020[11], i gcomhthéacs an mhéadaithe atá ag teacht ar bhearnaí sóisialta, go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh pá leordhóthanach á shaothrú ag gach oibrí. Eisíodh roinnt Moltaí Tírshonracha chomh maith chuig roinnt Ballstát i réimse an phá íosta.

(6) Tairbhíonn dálaí oibre agus maireachtála feabhsaithe d'oibrithe agus do ghnólachtaí san Aontas, lena n-áirítear trí phá íosta leordhóthanach, agus is réamhriachtanas é chun fás cuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach. Trí aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí móra maidir le cuimsiú agus le leordhóthanacht an phá íosta, cuirtear feabhas ar chothroime mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh agus cothaítear dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta agus an cóineasú aníos. Ba cheart iomaíocht sa Mhargadh Aonair a bheith bunaithe ar ardchaighdeáin shóisialta, ar an nuálaíocht agus ar fheabhsuithe táirgiúlachta, agus cothrom iomaíochta á áirithiú ag an am céanna.

---

9 Cinneadh 2020/1512/AE ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát (IO L 344, 19.10.2020, lgh. 22-28).

10 Teachtaireacht COM (2020) 575 final ón gCoimisiún.

11 Teachtaireacht COM (2019) 650 final ón gCoimisiún.

(7) Nuair a shocraítear an pá íosta ar leibhéil leordhóthanacha, cosnaítear ioncam oibrithe faoi mhíbhuntáiste agus cuidítear le slí bheatha shásúil a áirithiú agus teorannaítear laghduithe ioncaim le linn cúluithe eacnamaíochta. Le pá íosta, cuidítear le héileamh intíre a chothabháil, neartaítear na dreasachtaí atá ann chun obair a dhéanamh, laghdaítear neamhionannas pá agus bochtaineacht lucht saothair.

(8) Is mó an dóchúlacht go mbeidh mná, oibrithe óga, oibrithe ar bheagán oiliúna agus daoine atá faoi mhíchumas ar phá íosta ná grúpaí eile. Le linn cor chun donais eacnamaíocha, amhail géarchéim COVID-19, éiríonn ról an phá íosta níos tábhachtaí i gcosaint oibrithe ar phá íseal agus bíonn sé riachtanach chun tacú le téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach. Trí aghaidh a thabhairt ar an bpá íosta cuidítear leis an gcomhionannas inscne, cuirtear deireadh leis an mbearna phá agus phinsin idir na hinscní agus tugtar mná slán as an mbochtaineacht.

(9) Tá tionchar suntasach á imirt ag paindéim COVID-19 ar an earnáil seirbhísí agus ar ghnólachtaí beaga, ina bhfuil sciar ard de na hoibrithe ar phá íosta. Chomh maith leis sin, tá an pá íosta tábhachtach i bhfianaise na dtreochtaí struchtúracha atá ag déanamh athmhúnlaithe ar mhargaí saothair agus ina bhfuil méadú ag teacht ar sciartha arda d’obair neamhchaighdeánach agus obair fhorbhásach. Tá méadú tagtha ar pholarú oibre mar thoradh ar na treochtaí sin agus sciar méadaitheach gairmeacha ar bheagán oiliúna agus ar bheagán pá i bhformhór na mBallstát dá bharr, agus neamhionannas pá níos airde i roinnt acu chomh maith.

(10) Cé gurb ann do chosaint pá íosta i ngach Ballstát, i roinnt Ballstát eascraíonn an chosaint sin as forálacha reachtacha nó riaracháin agus as comhaontuithe comhchoiteanna agus i mBallstáit eile cuirtear ar fáil é go heisiach trí chomhaontuithe comhchoiteanna.

(11) Tá an chosaint pá íosta a leagtar amach i gcomhaontuithe comhchoiteanna maidir le slite beatha ar phá íseal leordhóthanach den chuid is mó; tá an pá íosta reachtúil íseal i gcomparáid leis an bpá eile sa gheilleagar i roinnt Ballstát. In 2018, níor leor mar ioncam an pá íosta reachtúil le go mbainfeadh saothraí singil ar phá íosta an tairseach baoil bochtaineachta amach i naoi mBallstát. Chomh maith leis sin, bíonn tionchar diúltach ar leordhóthanacht an phá íosta ag rátaí pá íosta laghdaithe (athruithe) agus asbhaintí as an bpá íosta reachtúil.

(12) Ní dhéantar gach oibreoir san Aontas a chosaint go héifeachtach trí phá íosta, mar i roinnt Ballstát faigheann roinnt oibrithe, cé go gcumhdaítear iad, luach saothair atá níos ísle ná an pá íosta reachtúil de bharr neamh-urraim do na rialacha atá ann cheana. Go háirithe, fuarthas amach go bhfuil tionchar ag an neamhchomhlíonadh sin ar mhná, ar dhaoine óga, ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus ar oibrithe talmhaíochta. Sna Ballstáit ina gcuirtear cosaint ar phá íosta ar fáil trí chomhaontuithe comhchoiteanna amháin, meastar gur idir 2 % agus 55 % de na hoibrithe uile é scair na n-oibrithe nach gcumhdaítear.

(13) Cé go gcuidíonn an chómhargáil láidir le cosaint pá íosta leordhóthanach a áirithiú, tá laghdú ag teacht ar struchtúir traidisiúnta chómhargála le fiche nó tríocha bliain anuas de bharr, i measc rudaí eile, athruithe struchtúracha sa gheilleagar i dtreo earnálacha ar lú an eagar ceardchumainn agus de bharr laghdú ar bhallraíocht i gceardchumainn atá bainteach le méadú ar chineálacha oibre neamhghnácha agus cineálacha oibre nua.

(14) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an mbainistíocht agus leis an lucht saothair i bpróiseas dhá chéim maidir le gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cosaint pá íosta leordhóthanach san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ní raibh aon chomhaontú ann i measc na gcomhpháirtithe sóisialta i dtaobh dul i mbun caibidlíochta maidir leis na hábhair sin. Tá sé tábhachtach, áfach, gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun a chur chun cinn go gcosnófar oibrithe san Aontas le pá íosta leordhóthanach, agus torthaí chomhairliúchán na gcomhpháirtithe sóisialta á gcur san áireamh.

(15) Bunaítear leis an Treoir seo creat ar leibhéal an Aontais chun go gcuirfear chun cinn leibhéal leordhóthanach pá íosta, cómhargáil maidir le socrú pá, go háirithe ar mhaithe le hoibrithe ar phá íseal, agus rochtain éifeachtach oibrithe ar chosaint pá íosta más ann do phá íosta i bhfoirm pá íosta reachtúil nó i bhfoirm pá a shocraítear faoi chomhaontuithe comhchoiteanna.

(16) Agus inniúlachtaí na mBallstát, arna gcaomhnú le hAirteagal 153(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, á n-urramú go hiomlán, níl sé d'aidhm ag an Treoir seo leibhéal an phá íosta ar fud an Aontais a chomhchuibhiú ná sásra aonfhoirmeach maidir le socrú pá íosta a bhunú. Ní chuireann sé sin isteach ar shaoirse na mBallstát pá íosta reachtúil a shocrú nó rochtain ar chosaint pá íosta a sholáthraítear le comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn, rud a dhéanfaí de réir dhlíthe, chleachtais agus shainiúlachtaí gach tíre agus lena dtabharfaí lánurraim d'inniúlachtaí náisiúnta agus do shaoirse chonarthach na gcomhpháirtithe sóisialta. Leis an Treoir seo, leagtar amach oibleagáidí ar de chineál nós imeachta iad; ní fhorchuirtear leis oibleagáid ar na Ballstáit ina n-áirítear socrú pá go heisiach via comhaontuithe comhchoiteanna pá íosta reachtúil a thabhairt isteach nó comhaontuithe comhchoiteanna a bheith infheidhme go huilíoch. Chomh maith leis sin, ní bhunaítear leis an Treoir seo leibhéal an phá, a thagann faoi shaoirse chonarthach na gcomhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus faoi inniúlacht ábhartha na mBallstát.

(17) Agus Rialachán (CE) 593/2008 an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha (An Róimh I) á urramú, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le hoibrithe ag a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta mar a shainmhínítear sa dlí, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis an gcleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát, agus na critéir arna mbunú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le stádas oibrí a chinneadh á gcur san áireamh. Maidir le hoibrithe tí, oibrithe ar éileamh, oibrithe eadrannacha, oibrithe dearbhánbhunaithe, féinfhostaithe bréige, oibrithe ardáin, oiliúnaithe agus printísigh, d'fheadfaidís, ar choinníoll go gcomhlíonfaidís siad na critéir sin, teacht faoi raon feidhme na Treorach seo.

(17a.-nua) Daoine ar fíor go bhfuil siad féinfhostaithe, ní thagann siad faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach seo ós rud é nach gcomhlíonann siad na critéir sin. Is cineál oibre a dhearbhaítear go bréagach í drochúsáid stádas daoine féinfhostaithe, mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta í, ar an leibhéal náisiúnta nó i gcásanna trasteorann, agus is minic a bhíonn baint ag obair neamhdhearbhaithe léi. Tarlaíonn féinfhostaíocht bhréige nuair a dhearbhaítear go bhfuil duine féinfhostaithe, fad a chomhlíonann sé na coinníollacha is saintréithe de chaidreamh fostaíochta, chun oibleagáidí dlíthiúla nó fioscacha áirithe a sheachaint. Ba cheart go dtiocfadh na daoine sin faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach seo. Ba cheart gur leis na fíorais a bhaineann leis an obair iarbhír a dhéantar a threorófaí an cinneadh an ann do chaidreamh fostaíochta agus ní bunaithe ar an tuairisc a dhéanann na páirtithe ar an gcaidreamh.

(17b.-nua) Cuirtear san áireamh sa Treoir seo go leagtar síos sa Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006, arna leasú, sásra socraithe pá íosta maidir le maraithe. Chun críocha na Treorach seo, ba cheart a mheas gur comhaontuithe comhchoiteanna iad cinntí Chomhlacht Rialaithe na hOifige Idirnáisiúnta Saothair a eascraíonn as an sásra socraithe pá íosta sin agus a chuireann Ballstát i bhfeidhm.

(18) Is modh tábhachtach é cómhargáil dhea-fheidhmiúil i socrú pá chun a áirithiú go gcosnaítear oibrithe le pá íosta leordhóthanach. Sna Ballstát ina bhfuil pá íosta reachtúil, tacaíonn an chómhargáil le forbairtí ginearálta pá agus mar sin cuidíonn sí le leordhóthanacht an phá íosta a fheabhsú. Sna Ballstáit ina soláthraítear cosaint maidir le pá íosta tríd an gcómhargáil amháin, is le feidhmiú an chórais chómhargála agus an chumhdaigh cómhargála go díreach a chinntear a leibhéal agus sciar na n-oibrithe a chosnaítear. Is le cómhargáil láidir dea-fheidhmiúil agus cumhdach ard ar chomhaontuithe comhchoiteanna earnála nó trastionscail a neartaítear leordhóthanacht agus cumhdach an phá íosta.

(19) I gcomhthéacs cumhdaigh cómhargála atá ag laghdú, tá sé ríthábhachtach go gcuireann na Ballstáit an chómhargáil chun cinn agus, ar an gcaoi sin, go gcuireann siad feabhas ar an socrú pá dá bhforáiltear i gcomhaontuithe comhchoiteanna chun cosaint pá íosta na n-oibrithe a fheabhsú. Is gnách gur sciar íseal oibrithe ar phá íseal agus pá íosta ard a bhíonn ag na Ballstáit a bhfuil cumhdach cómhargála ard acu. Is gnách gur ráta cómhargála os cionn 70 % a bhíonn ag na Ballstáit ina bhfuil sciar íseal oibrithe ar phá íseal. Ar an gcaoi chéanna, tá cumhdach cómhargála os cionn 70 % ag formhór na mBallstát a bhfuil leibhéil arda pá íosta acu i gcoibhneas leis an bpá airmheánach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit ag a bhfuil ráta cumhdaigh cómhargála faoi bhun 70 % bearta a ghlacadh d'fhonn an chómhargáil sin a fheabhsú. Mar sin féin, chun neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú, lena n- áirítear a gceart chun cómhargála agus lena n- eisiatar aon oibleagáid comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích, níor cheart an tairseach de 70 % de chumhdach cómhargála a fhorléiriú mar chuspóir; ní úsáidtear í ach mar tháscaire lena spreagtar na hoibleagáidí chun foráil a dhéanamh do chreat nósanna imeachta éascaitheacha agus socruithe institiúideacha lena gcumasaítear na coinníollacha le haghaidh cómhargála agus, ina theannta sin, chun plean gníomhaíochta a bhunú. D'fhéadfadh an plean sin a bheith i bhfoirm ar bith agus d'fhéadfadh gur glacadh é roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ar choinníoll go bhfuil gníomhaíochtaí ann lena bhféachtar le cómhargáil a chur chun cinn go héifeachtach agus gur bunaíodh é i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta.

(20) Is gá rialacha, nósanna imeachta agus cleachtas fónta maidir le pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú chun pá íosta leordhóthanach a sholáthar, agus poist agus iomaíochas gnóthas a chosaint, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide. Áirítear orthu roinnt gnéithe chun leordhóthanacht an phá íosta reachtúil a chaomhnú, lena n-áirítear critéir chun treoir a thabhairt do na Ballstáit agus pá íosta á socrú agus á nuashonrú acu agus táscairí chun measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanacht, nuashonruithe rialta tráthúla, comhlachtaí comhairleacha a bheith ann agus páirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta. Is gné eile den dea-rialachas í páirtíocht thráthúil éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta lena bhféadfar próiseas cinnteoireachta eolach cuimsitheach a chur ar fáil, agus pá íosta reachtúil á shocrú agus á nuashonrú agus nuair a bhíonn foirmlí innéacsúcháin uathoibríocha á mbunú nó á modhnú, i gcás inarb ann dóibh.

(20a-nua) Na Ballstáit a úsáideann sásra um innéacsú uathoibríoch, lena n-áirítear sásraí leath-uathoibríocha ina ráthaítear méadú éigeantach íseal ar an bpá íosta, ba cheart dóibh a áirithiú, má tá sásra den chineál sin mar chuid dá gcreat, go gceanglaíonn an creat nuashonruithe tráthúla a dhéanamh ar an bpá íosta reachtúla go tráthrialta chun leanúint dá leordhóthanacht a chur chun cinn. Is ceart measúnú ar an bpá íosta a bheith i gceist leis na nuashonruithe rialta sin, agus na treoirchritéir á gcur san áireamh, agus an méid a mhodhnú ina dhiaidh sin, más gá. D'fhéadfadh sé go mbeadh difear idir minicíocht an innéacsaithe uathoibríoch, ar thaobh amháin, agus na nuashonruithe ar an bpá íosta reachtúil ar an taobh eile.

(21) Meastar go bhfuil an pá íosta leordhóthanach más rud é go bhfuil sé cóir i ndáil le dáileadh pá sa tír agus má sholáthraíonn sé caighdeán sásúil maireachtála. Is é gach Ballstát a chinneann leordhóthanacht an phá íosta reachtúil agus a dhéanann measúnú air i bhfianaise a gcoinníollacha socheacnamaíocha náisiúnta, lena n-áirítear fás na fostaíochta, iomaíochas, chomh maith le forbairtí réigiúnacha agus earnálacha, agus an chumhacht cheannaigh, na leibhéil agus forbairtí táirgiúlachta, mar aon leis na leibhéil pá, a ndáileadh agus a bhfás á gcur san áireamh. Is féidir le húsáid táscairí agus luachanna tagartha gaolmhara cabhrú le gach Ballstát trína mheasúnú ar leordhóthanacht pá íosta a threorú. Ba cheart do na Ballstáit iad sin a roghnú as measc táscairí a úsáidtear go coitianta ar an leibhéal idirnáisiúnta agus, de réir mar is iomchuí, as measc táscairí a úsáidtear go coitianta ar an leibhéal náisiúnta. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin luachanna tagartha a úsáidtear go coitianta ar an leibhéal idirnáisiúnta, amhail an cóimheas idir an t-ollphá íosta le 60 % den ollphá airmheánach, an cóimheas idir an t-ollphá íosta le 50 % den mheán-ollphá agus an cóimheas idir an glanphá íosta le 50 % nó 60 % den ghlanphá meánach, agus luachanna tagartha a bhaineann le táscairí a úsáidtear go coitianta ar an leibhéal náisiúnta, amhail an comparáid idir an glanphá íosta agus tairseach na bochtaineachta agus cumhacht cheannaigh an phá íosta.

(22) Ba cheart do na Ballstáit comhpháirtithe sóisialta a áireamh i gcás ina socróidh siad leibhéil éagsúla don phá íosta reachtúil (éagsúlachtaí) nó i gcás ina gceadóidh siad laghduithe ar an luach saothair arna íoc faoi bhun leibhéal an phá íosta reachtúil (asbhaintí). Gan dochar d'inniúlacht na mBallstát an pá íosta agus na héagsúlachtaí agus na hasbhaintí a d'fhéadfadh a bheith ann a shocrú, chun leordhóthanacht an phá íosta a chur chun cinn, tá sé tábhachtach a sheachaint go n-úsáidfear éagsúlachtaí agus asbhaintí go forleathan agus a áirithiú go n-urramófar leo sin prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt asbhaintí as an bpá íosta reachtúil iomchuí ós rud é gur aidhm dhlisteanach atá leo, lena n-áirítear méideanna iomarcacha a íocadh nó asbhaintí a d'ordaigh údarás breithiúnach nó riaracháin. D'fhéadfadh asbhaintí eile amhail asbhaintí a bhaineann leis an trealamh is gá chun post a dhéanamh nó asbhaintí as liúntais chomhchineáil, amhail lóistín, tionchar diúltach a bheith acu ar leordhóthanacht an phá íosta.

(23) Is gá córas forfheidhmithe éifeachtach, lena n-áirítear rialuithe agus cigireachtaí allamuigh, chun feidhmiú creataí náisiúnta pá íosta reachtúil a áirithiú. Chun éifeachtúlacht na n-údarás forfheidhmithe a neartú, is gá dlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta chomh maith, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ríthábhachtacha amhail iad sin a bhaineann le fochonraitheoireacht, féinfhostaíocht bhréige nó ragobair gan taifead.

(24) Ní mór go leagfar amach an cur chun feidhme éifeachtach ar chosaint pá íosta le forálacha dlíthiúla nó go soláthrófar é le comhaontuithe comhchoiteanna agus soláthar poiblí agus conarthaí lamháltais á gcomhlíonadh. Neamh-urramú na gcomhaontuithe comhchoiteanna trína bhforáiltear cosaint pá íosta in earnáil ar leith, d'fhéadfadh sin tarlú agus na conarthaí sin á gcur i gcrích nó sa slabhra fochonraitheoireachta ina dhiaidh sin, rud a d'fhágfadh go n-íocfaí níos lú ná an leibhéal pá a aontaítear sna comhaontuithe comhchoiteanna earnála le hoibrithe. Chun cásanna den sórt sin a chosc, tá sé tábhachtach go n-áiritheodh údaráis chonarthacha an tsoláthair phoiblí, i gcomhréir le hAirteagail 18(2) agus 71(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar poiblí[12], le hAirteagail 36(2) agus 88(1) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist, agus le hAirteagail 30(3) agus 42(1) de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain, go gcuirfeadh oibreoirí eacnamaíocha i bhfeidhm ar a n-oibrithe an pá arna shocrú le comhaontuithe comhchoiteanna don earnáil ábhartha agus don limistéar geografach chun na hoibleagáidí is infheidhme i réimse dhlí an tsaothair a chomhlíonadh, ach gan aon oibleagáid bhreise a chruthú leis an Treoir seo, áfach, i ndáil leis na Treoracha sin.

---

[12] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

[13] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

[14] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

(25) Tá faireachán iontaofa agus bailiú sonraí ríthábhachtach chun forbairtí maidir le pá íosta a mhapáil. D’fhéadfadh na Ballstáit an bealach a mbailíonn siad sonraí a roghnú. Go háirithe, d’fhéadfaidís brath ar shuirbhéanna samplacha atá ionadaíoch go leor, ar bhunachair sonraí náisiúnta, ar shonraí comhchuibhithe an Aontais ó Eurostat agus ar fhoinsí eile atá inrochtana go poiblí amhail ECFE. Nuair nach mbeidh na sonraí ábhartha ar fáil go héasca, d’fhéadfaidís meastacháin a úsáid. Ba cheart don Choimisiún a anailís ar fhorbairtí maidir le leordhóthanacht agus cumhdach an phá íosta ar bhonn sonraí agus faisnéise atá le soláthar ag na Ballstáit a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach dara bliain. Chomh maith leis sin, ba cheart faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn phróiseas comhordaithe an bheartais eacnamaíoch agus fostaíochta ar leibhéal an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle nó an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta, i gcomhréir le hAirteagail 150 agus 160 CFAE faoi seach, scrúdú a dhéanamh ina réimse inniúlachta faoi seach ar chur chun cinn cómhargála maidir le socrú pá agus ar leordhóthanacht an phá íosta sna Ballstáit ar bhonn na tuarascála a chuireann an Coimisiún ar fáil agus ar bhonn uirlisí faireachais iltaobhaigh eile amhail tagarmharcáil.

(25a.-nua) Ba cheart rochtain éasca a bheith ag oibrithe ar fhaisnéis iomchuí maidir leis an bpá íosta is infheidhme chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus intuarthachta i dtaca lena ndálaí oibre a áirithiú.

(26) Ba cheart é a bheith ar chumas oibrithe a gceart chun cosanta a fheidhmiú i gcás ina sharófar a gcearta a bhaineann le cosaint pá íosta arna mbunú faoin dlí náisiúnta. Chun nach mbainfear a gcearta d’oibrithe, i gcás inarb ann dóibh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus gan dochar do mhodhanna sásaimh agus réiteach díospóidí dá bhforáiltear i gcomhaontuithe comhchoiteanna, lena n-áirítear córais réitigh díospóidí comhchoiteann, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar réiteach díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus ceart chun sásaimh, agus cosaint éifeachtach ar dhochar ar bith i gcás ina gcinnfidh siad a gceart chun cosanta a fheidhmiú.

(26a.-nua) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis i gcás sárú ar fhorálacha náisiúnta lena bhforáiltear do phá íosta a eascraíonn as an dlí náisiúnta nó as comhaontuithe comhchoiteanna. D'fhéadfadh sé go mbeadh le fáil sna rialacha sin tarchur chuig cúiteamh agus/nó pionóis chonarthacha dá bhforáiltear, i gcás inarb infheidhme, i rialacha maidir le forfheidhmiú comhaontuithe comhchoiteanna, nó go mbeadh na rialacha teoranta do tharchur den chineál sin.

(27) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh chun bonn a chur ar fáil d'athbhreithniú ar chur chun feidhme éifeachtach na Treorach seo. Ba cheart an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi thorthaí an athbhreithnithe sin.

(28) Cé gur céimeanna sa treo ceart iad na leasuithe agus na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chun cosaint pá íosta leordhóthanach d'oibrithe a chur chun cinn, ní leasuithe ná bearta cuimsitheacha córasacha i gcónaí iad. Ina theannta sin, má dhéantar gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, is féidir léi rannchuidiú le feabhas breise a chur ar dhálaí maireachtála agus oibre san Aontas agus is féidir léi an imní a mhaolú, a d'fhéadfadh a bheith ann faoi dhrochthionchair eacnamaíocha mar thoradh ar bhearta aonaracha arna ndéanamh ag Ballstáit chun feabhas a chur ar leordhóthanacht agus ar chumhdach an phá íosta. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(29) Leis an Treoir seo, leagtar síos ceanglais íosta i gcomhair creat nós imeachta, sa chaoi nach ndéantar aon athrú ar shaincheart na mBallstát forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choinneáil. Ba cheart go mbeadh feidhm fós ag cearta a fuarthas faoin gcreat dlíthiúil náisiúnta atá ann cheana, mura rud é go dtugtar forálacha níos fabhraí isteach leis an Treoir seo. Ní féidir cur chun feidhme na Treorach seo a úsáid chun na cearta atá ann d'oibrithe san Aontais cheana a laghdú ná ní féidir é a bheith ina fhoras bailí chun leibhéal ginearálta na cosanta a thugtar d'oibrithe sna réimsí a chumhdaítear sa Treoir seo a laghdú.

(30) I gcur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit staonadh ó shrianta riaracháin, airgeadais agus dlíthiúla a fhorchur ar bhealach lena gcuirfí bac ar bhunú agus ar fhorbairt micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide. Dá bhrí sin, iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun a áirithiú nach ndéanfar difear díréireach dóibh, agus aird faoi leith a thabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Más rud é go ndéanfar difear díréireach do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, ba cheart do na Ballstáit féachaint le bearta a dhéanamh chun tacú leis na fiontair sin a struchtúir luacha saothair a oiriúnú do na ceanglais nua.

(31) Cuirtear an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[15] agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus[16] ar fáil do na Ballstáit chun gnéithe teicniúla na gcreataí pá íosta a fhorbairt nó a fheabhsú, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht, faireachán agus bailiú sonraí, lena leathnaítear rochtain, agus ar fhorfheidhmiú agus ar fhothú acmhainneachta ginearálta a bhaineann le cur chun feidhme na gcreataí sin.

---

**15** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Bealtaine 2020 maidir le hIonstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhunú, COM(2020) 409 final

**16** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, COM/2018/382 final.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

Ábhar

1. D'fhonn dálaí maireachtála agus oibre san Aontas a fheabhsú, go háirithe leordhóthanacht an phá íosta, bunaítear creat leis an Treoir seo maidir le:

(a) leibhéil leordhóthanacha pá íosta reachtúil a chur chun cinn;

(aa-nua) cómhargáil i socrú pá a chur chun cinn;

(b) rochtain éifeachtach d'oibrithe ar chosaint pá íosta [...] a fheabhsú i gcás inarb ann di.

1a(nua). Beidh an Treoir gan dochar d'inniúlacht na mBallstát leibhéal an phá íosta a shocrú agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú go hiomlán agus dá gceart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích chomh maith.

2. Beidh an Treoir seo gan dochar do rogha na mBallstát pá íosta reachtúil a shocrú, rochtain ar chosaint pá íosta arna soláthar ag comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn nó an dá chur chuige seo a chur le chéile.

3. Ní dhéanfar rud ar bith sa Treoir seo a fhorléiriú mar ní a fhorchuireann oibleagáid

(a) ar na Ballstáit ina n-áirítear socrú pá go heisiach via comhaontuithe comhchoiteanna pá íosta reachtúil a thabhairt isteach,

(b) ar aon Bhallstát aon chomhaontuithe comhchoiteanna a bheith infheidhme go huilíoch.

*Airteagal 2*

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le hoibrithe san Aontas a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu mar a shainítear de réir dlí, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis an gcleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát, agus aird á tabhairt ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 3*

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'pá íosta' an luach saothair íosta a bhfuil sé de cheangal ar an bhfostóir a íoc le hoibrithe, de réir an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna, don obair arna déanamh le linn tréimhse ar leith, arna ríomh ar bhonn ama nó aschuir;

(2) ciallaíonn 'pá íosta reachtúil' pá íosta arna socrú de réir an dlí, nó forálacha dlíthiúla ceangailteacha eile, cé is moite den phá íosta sin arna shocrú i gcomhaontú comhchoiteann a chuirtear i bhfeidhm go huilíoch gan aon lánrogha a bheith ag an údarás glactha maidir le hábhar na bhforálacha is infheidhme;

(3) ciallaíonn 'cómhargáil' an chaibidlíocht uile a tharlaíonn de réir na ndlíthe agus na gcleachtas náisiúnta i ngach Ballstát idir fostóir, grúpa fostóirí nó eagraíocht fostóirí amháin nó níos mó, ar thaobh amháin, agus eagraíocht oibrithe amháin nó níos mó, ar an taobh eile, chun dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a shocrú; agus/nó chun an caidreamh idir fostóirí agus oibrithe a rialáil; agus/nó chun an caidreamh idir fostóirí agus a n-eagraíochtaí agus eagraíocht oibrithe nó eagraíochtaí oibrithe a rialáil, arb é comhaontú comhchoiteann toradh beartaithe an chaidrimh sin;

(4) ciallaíonn 'comhaontú comhchoiteann' aon chomhaontú i scríbhinn maidir le dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta arna thabhairt i gcrích ag na comhpháirtithe dá dtagraítear i mír 3, iad sin a chuirtear i bhfeidhm go huilíoch san áireamh.

Maidir le socrú íosta pá arna ghlacadh i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Oibreachais Mhuirí agus arna chur i ngníomh ag Ballstát, measfar gur comhaontú comhchoiteann é sa Bhallstát sin.

(5) ciallaíonn 'cumhdach cómhargála' an sciar oibrithe ar an leibhéil náisiúnta a bhfuil feidhm ag comhaontú comhchoiteann ina leith, arna ríomh mar chóimheas:

a) líon na n-oibrithe a chumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna, lena n-áirítear na comhaontuithe sin nach bhfuil forálacha iontu maidir le pá, le

b) líon na n-oibrithe a bhféadfar a ndálaí oibre a rialú le comhaontuithe comhchoiteanna i gcomhréir le dlíthe agus le cleachtais náisiúnta.

*Airteagal 4*

Cómhargáil i socrú pá a chur chun cinn

1. Agus é mar aidhm acu an cumhdach cómhargála a mhéadú, agus leis sin feabhas a chur ar an socrú pá arna chur ar fáil le comhaontuithe comhchoiteanna, déanfaidh na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus i gcomhréir leis na dlíthe agus na cleachtais náisiúnta, an méid seo a leanas:

(a) forbairt agus neartú inniúlacht na gcomhpháirtithe sóisialta chun dul i mbun cómhargála i socrú pá, lena n-áirítear ar leibhéal na hearnála agus ar an leibhéal trastionscail, a chur chun cinn; agus

(b) caibidlíocht chuimsitheach fhiúntach eolach ar phá a spreagadh idir na comhpháirtithe sóisialta.

2. Ina theannta sin, i gcás inarb ísle an cumhdach cómhargála ná tairseach 70 % den lucht saothair, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le creat coinníollacha cumasúcháin maidir leis an gcómhargáil, le dlí – tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta – nó le comhaontú leo, agus bunóidh siad, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, plean gníomhaíochta chun an cómhargáil a chur chun cinn. Cuirfear an plean gníomhaíochta ar fáil go poiblí agus tabharfar fógra don Choimisiún Eorpach maidir leis.

CAIBIDIL II

AN PÁ ÍOSTA REACHTÚIL

*Airteagal 5*

Leordhóthanacht pá íosta reachtúil a chur chun cinn

1. Bunóidh na Ballstáit sin a bhfuil pá íosta reachtúil acu an creat is gá chun an pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú. Déanfar an pá a shocrú agus a nuashonrú faoi threoir na gcritéir lena gcuirtear leordhóthanacht chun cinn agus é mar aidhm dálaí cuibhiúla oibre agus maireachtála, comhtháthú sóisialta agus an cóineasú aníos a bhaint amach. Saineoidh na Ballstáit na critéir sin i gcomhréir lena gcleachtais náisiúnta, i reachtaíocht náisiúnta ábhartha, i gcinntí ó na comhlachtaí inniúla nó i gcomhaontuithe tríthaobhacha. Déanfar na critéir a shainmhíniú ar bhealach cobhsaí soiléir.

2. Áireofar sna critéir náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 na heilimintí seo a leanas, ar a laghad, a bhféadfaidh na Ballstáit a n-ábharthacht agus a n-ualú coibhneasta a chinneadh i gcomhréir leis na dálaí náisiúnta socheacnamaíocha atá i réim iontu:

(a) cumhacht cheannaigh an phá íosta reachtúil, agus an costas maireachtála agus ranníocaíochtaí cánacha agus sochar sóisialta á gcur san áireamh;

(b) an leibhéal ginearálta pá agus an chaoi a ndáiltear é;

(c) ráta fáis an phá;

(d) leibhéil agus forbairtí táirgiúlachta.

2a.(nua) De bhreis ar na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 4, féadfaidh na Ballstáit sásra um innéacsú uathoibríoch a úsáid chun an pá íosta reachtúil a choigeartú bunaithe ar aon chritéir iomchuí agus i gcomhréir le dlí*the* nó cleacht*ais* náisiúnta.

3. Bainfidh na Ballstáit úsáid as luachanna tagartha táscacha a úsáidtear go coitianta chun a measúnú ar leordhóthanacht an phá íosta reachtúil a threorú.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun nuashonruithe rialta tráthúla ar phá íosta reachtúil a áirithiú ar mhaithe le leanúint dá leordhóthanacht a chur chun cinn.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhlachtaí comhairleacha ann chun comhairle a chur ar na húdaráis inniúla maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bpá íosta reachtúil.

*Airteagal 6*

Éagsúlachtaí agus asbhaintí

I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit foráil do rátaí éagsúla pá íosta reachtúil i gcás grúpaí sonracha oibrithe nó d’asbhaintí lena laghdaítear an luach saothair a íoctar le hoibrithe go dtí leibhéal níos ísle ná an pá íosta reachtúil ábhartha, áiritheoidh siad go n-urramóidh na héagsúlachtaí agus na hasbhaintí sin prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.

*Airteagal 7*

Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i socrú agus nuashonrú pá íosta reachtúil

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta a chumasú ar bhealach tráthúil éifeachtach i socrú agus nuashonrú pá íosta reachtúil, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i gcomhlachtaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 5(5) agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) roghnú na gcritéar dá dtagraítear in Airteagail 5 (1) agus (2) maidir le leibhéil phá íosta reachtúil a chinneadh agus iad a chur i bhfeidhm;

(aa)(nua) foirmle um innéacsú uathoibríoch a bhunú agus í a mhodhnú, i gcás inarb ann d'fhoirmle den sórt sin;

(bb)(nua) roghnú na luachanna tagartha táscacha dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus iad a chur i bhfeidhm;

(b) na nuashonruithe ar leibhéil phá íosta reachtúil dá dtagraítear in Airteagal 5 (4);

(c) éagsúlachtaí agus asbhaintí maidir le pá íosta reachtúil dá dtagraítear in Airteagal 6 a bhunú;

(d) cinntí maidir le bailiú sonraí agus staidéir a dhéanamh mar eolas do na húdaráis um shocrú pá íosta reachtúil;

*Airteagal 8*

Rochtain éifeachtach oibrithe ar phá íosta reachtúil

Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhar nó i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, na bearta a leanas, i gcás inarb iomchuí, chun rochtain oibrithe ar chosaint pá íosta reachtúil a fheabhsú:

(a) foráil a dhéanamh maidir le rialuithe iomchuí agus na cigireachtaí allamuigh a dhéanfaidh na cigireachtaí saothair nó na comhlachtaí atá freagrach as creataí náisiúnta a fhorfheidhmiú; Beidh na rialuithe agus na cigireachtaí sin comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach agus déanfar leo; agus

(b) treoir a fhorbairt do na húdaráis forfheidhmithe chun go ndíreofar go réamhghníomhach ar fhostóirí neamhchomhlíontacha agus go rachfar sa tóir orthu;

CAIBIDIL III

## FORÁLACHA COTHROMÁNACHA

*Airteagal 9*

Soláthar poiblí

Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, i gcomhréir le Treoracha 2014/24/AE, 2014/25/AE agus 2014/23/AE, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíochta agus a bhfochonraitheoirí na hoibleagáidí is infheidhme maidir le pá i réimse dhlí an tsaothair arna bhunú le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó le forálacha dlí idirnáisiúnta saothair, agus an soláthar poiblí nó conarthaí lamháltais á gcomhlíonadh acu.

*Airteagal 10*

Faireachán agus bailiú sonraí

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar chumhdach agus ar leordhóthanacht an phá íosta.

2. Tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún gach dara bliain, roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain tuairiscithe:

(a0)(nua). an ráta cumhdaigh cómhargála;

(a) maidir leis an bpá íosta reachtúil:

(i) an leibhéal pá íosta reachtúil agus an sciar oibrithe a chumhdaítear leis;

(ii) tuairisc ar athruithe agus asbhaintí atá ann cheana;

(b) maidir leis an gcosaint pá íosta a sholáthraítear ag comhaontuithe comhchoiteanna amháin:

(i) na rátaí pá is ísle arna socrú ag comhaontuithe comhchoiteanna lena gcumhdaítear saothraithe pá íseal nó meastachán orthu agus sciar na n-oibrithe a chumhdaítear leo nó meastachán orthu;

(iii) leibhéal an phá a íoctar le hoibrithe nach gcumhdaítear [...] faoi chomhaontuithe comhchoiteanna agus an gaol atá aige le leibhéal an phá a íoctar le hoibrithe a chumhdaítear faoi chomhaontuithe comhchoiteanna.

Níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(b)(i) a thuairisciú maidir le comhaontuithe comhchoiteanna ar leibhéal gnólachta.

Cuirfidh na Ballstáit na staitisticí agus an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo ar fáil, agus iad imdhealaithe de réir inscne, aoise, míchumais, mhéid na cuideachta agus earnála, a mhéid is féidir.

Leis an gcéad tuarascáil, cumhdófar *[X, Y, Z: na trí bliana roimh bhliain an trasuí*] agus déanfar í a sheachadadh faoin [*1 Deireadh Fómhair BB: an bhliain i ndiaidh trasuí*]. Féadfaidh na Ballstáit staitisticí agus faisnéis nach raibh ar fáil roimh [*an dáta trasuí*] a fhágáil ar lár.

4. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a tharchuirfidh na Ballstáit sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 2 agus, tuairisceoidh an Coimisiún ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach dara bliain.

***Airteagal 10a(nua)***

Faisnéis maidir le cosaint pá íosta

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis maidir le cosaint pá íosta ar fáil don phobal ar bhealach intuigthe so-inrochtana. Níl feidhm ag an méid sin maidir le comhaontuithe comhchoiteanna ar leibhéal gnólachta.

*Airteagal 11*

An ceart chun sásaimh agus cosaint ar chóir dhíobhálach nó ar iarmhairtí díobhálacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit, gan dochar do mhodhanna áirithe sásaimh agus do réiteach díospóidí dá bhforáiltear, i gcás inarb infheidhme, i gcomhaontuithe comhchoiteanna, go mbeidh rochtain ag oibrithe, lena n-áirítear na hoibrithe sin a bhfuil deireadh tagtha lena gcaidreamh fostaíochta, ar réiteach díospóidí éifeachtach agus neamhchlaonta agus ar an gceart chun sásaimh, i gcás cearta a bhaineann le pá íosta reachtúil nó le cosaint pá íosta dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna agus ar sáraíodh na cearta sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun oibrithe, lena n-áirítear iad siúd ar ionadaithe ar oibrithe iad, a chosaint ar aon chóir dhíobhálach a dhéanfaidh fostóir nó iarmhairtí díobhálacha a thiocfaidh as gearán a chuirfear faoi bhráid an fhostóra nó as aon imeachtaí a thionscnófar chun na cearta sin a fhorfheidhmiú i gcás cearta a bhaineann le cosaint pá íosta dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna agus ar sáraíodh na cearta sin.

*Airteagal 12*

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar chearta agus oibleagáidí a bhaineann le pá íosta, sa mhéid go bhforáiltear do na cearta agus do na hoibleagáidí sin sa dlí náisiúnta nó i gcomhaontuithe comhchoiteanna. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 13*

Cur chun feidhme

Féadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na Treorach seo a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, ar fad nó i bpáirt, lena n-áirítear bunú an phlean gníomhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 4 (2), i gcás ina ndéanfaidh na comhpháirtithe sóisialta a iarraidh go comhpháirteach go ndéanfar amhlaidh. Leis sin, déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh i gcónaí.

*Airteagal 14*

Faisnéis a scaipeadh

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na bearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo, mar aon leis na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm cheana agus a bhaineann leis an ábhar amhail a leagtar amach in Airteagal 1, a thabhairt ar aird d'oibrithe agus d'fhostóirí, lena n-áirítear FBManna.

*Airteagal 15*

Meastóireacht agus athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo laistigh de [cúig bliana tar éis a dáta trasuí]. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina dhiaidh sin ina ndéanfar athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach seo agus, i gcás inarb iomchuí, molfar leasuithe reachtacha.

*Airteagal 16*

Gan dul siar, agus forálacha níos fabhraí

1. Ní bheidh an Treoir seo ina foras bailí chun an leibhéal ginearálta cosanta a thugtar cheana féin d'oibrithe laistigh de na Ballstáit a laghdú.

2. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do shaincheart na mBallstát dlíthe, rialúcháin nó forálacha riaracháin atá níos fabhraí d'oibrithe a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach, nó spreagadh nó cead a thabhairt comhaontuithe comhchoiteanna atá níos fabhraí d'oibrithe a chur i bhfeidhm.

3. Ní dochar an Treoir seo d'aon cheart eile a thugtar d'oibrithe trí ghníomhartha eile dlí de chuid an Aontais.

*Airteagal 17*

Trasuí

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh laistigh de thréimhse [*dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach*]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 18*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 19*

Seolaithe

Is ar na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |